| Oideachas ETIM | Cruinniú 9 – 15 Samhain 2023. |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| 1. **Fáilte** | Fáilte ón gCathaoirleach agus glacadh le miontuairiscí an chruinnithe dheiridh |
| 2. **An Nuacht is Déanaí** | Cuireadh nuashonruithe ar fáil ar an gcreat um Fhoghlaim Chomhtháite ETIM, ar na hamlínte le aghaidh na sonraíochta, ar aiseolas Fhóram na Scoile agus ar chuairteanna scoile a bhí le teacht. |
| 3. **Torthaí Foghlama** | Cuireadh dréacht nua de Thorthaí Foghlama i láthair na mball, ar fud gach snáithaonad, lena phlé agus le haiseolas a fháil ina leith. |
| 4. **Gnéithe** | Cuireadh dréacht nuashonraithe de Ghnéithe an Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta i láthair na mball lena phlé agus le haiseolas a fháil ina leith. |
| 5. **Foghlaim Riachtanach. Caibidil 6A.** | Cuireadh dréachtcháipéis maidir le Foghlaim Riachtanach (caibidil 6A) in Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta i láthair lena plé agus le haiseolas a fháil ina leith. |
| 6. **Príomhoideolaíochtaí. Caibidil 6B.** | Cuireadh dréachtcháipéis i láthair na meithle maidir leis na príomhoideolaíochtaí san Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta; Ag Úsáid Fiosrúchán Eolaíochta, Ag Cothú Smaointeoireacht Deartha agus Ag Cothú Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil. Chuir na baill aiseolas i scríbhinn ar fáil maidir leis an téacs. |
| 7. **Treoir maidir le Foghlaim Chomhtháite ETIM** | Cuireadh tús le plé ar chomhtháthú an Oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta leis an Oideachas Matamaitice. Rinneadh plé ar cheisteanna agus ar chritéir éagsúla chun tacú le múinteoirí eispéiris chomhtháite fhiúntacha foghlama a chur ar fáil ar fud an dá shonraíocht. |
| 8. **Aon Ghnó Eile** | Tionólfar an chéad chruinniú eile ar an 14 Nollaig 2023. |